**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000059/2023**
**ar an gCoimisiún**
Riail 136
**Niels Fuglsang** (S&D), **Thomas Waitz** (Verts/ALE), **Günther Sidl** (S&D), **Sarah Wiener** (Verts/ALE), **Emil Radev** (PPE), **Michaela Šojdrová** (PPE), **Sirpa Pietikäinen** (PPE), **Heidi Hautala** (Verts/ALE), **Annika Bruna** (ID), **Caroline Roose** (Verts/ALE), **Pascal Durand** (S&D), **Pierre Larrouturou** (S&D), **Martin Buschmann** (NI), **Manuela Ripa** (Verts/ALE), **Martin Häusling** (Verts/ALE), **Maria Noichl** (S&D), **Anna Deparnay-Grunenberg** (Verts/ALE), **Grace O'Sullivan** (Verts/ALE), **Mario Furore** (NI), **Rosa D'Amato** (Verts/ALE), **Tiziana Beghin** (NI), **Petras Auštrevičius** (Renew), **Tilly Metz** (Verts/ALE), **Anja Hazekamp** (The Left), **Sylwia Spurek** (Verts/ALE), **Francisco Guerreiro** (Verts/ALE), **Martin Hojsík** (Renew), **Michal Wiezik** (Renew), **Malin Björk** (The Left), **Marisa Matias** (The Left), **Ville Niinistö** (Verts/ALE), **Marianne Vind** (S&D), **Christel Schaldemose** (S&D), **Karen Melchior** (Renew), **Alice Kuhnke** (Verts/ALE), **Pär Holmgren** (Verts/ALE), **Marina Kaljurand** (S&D), **Mick Wallace** (The Left), **Henna Virkkunen** (PPE), **Róża Thun und Hohenstein** (Renew)

Ábhar: An t-athbhreithniú a gealladh a dhéanamh ar reachtaíocht an Aontais maidir le leas ainmhithe agus ar na Tionscnaimh Eorpacha sin ó na Saoránaigh a bhaineann le leas ainmhithe.

Sa straitéis 'ón bhFeirm go dtí an Forc', gheall an Coimisiún go ndéanfadh sé athbhreithniú ar reachtaíocht reatha an Aontais maidir le leas ainmhithe faoin tríú ráithe de 2023. I mí Iúil 2021, mar fhreagairt ar an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh dar teideal 'Ná coinnímis ainmhithe i gcaighin feasta', trínar bailíodh níos mó ná 1.4 mhilliún síniú, thug an Coimisiún le fios go raibh rún aige cosc ar chaighin a ghlacadh i leith na speiceas a chumhdaítear faoin Tionscnamh Eorpach sin ó na Saoránaigh. Thug an Coimisiún dá aire go ndéanfaí an cosc sin a mheas i gcomhthéacs an athchóirithe ar reachtaíocht sin an Aontais maidir le leas ainmhithe atá ann le 20 bliain anuas. Idir an dá linn, i níos lú ná 10 mí, rinneadh níos mó ná 1.5 mhilliún síniú a bhailiú freisin tríd an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh dar teideal 'Eoraip atá Saor ó Fhionnadh', trína n-iarrtar go gcuirfí cosc ar fheirmeoireacht fionnaidh in AE agus ar tháirgí a dhíorthaítear ó fheirmeacha fionnaidh a bheith á gcur ar an margadh.

I lár mhí Dheireadh Fómhair, d'fhoilsigh Eorabharaiméadar suirbhé speisialta nua ar dhearcthaí mhuintir na hEorpa ar leas ainmhithe, a dheimhnigh go bhfuil saoránaigh an Aontais go mór i bhfách le rialacha níos fearr a bheith ann san Aontas maidir le leas ainmhithe.

Agus a chlár oibre do 2024 á chur i láthair aige, áfach, dheimhnigh an Coimisiún nach bhfoilseodh sé ach an togra maidir le cosaint ainmhithe agus iad á n-iompar, agus thagair sé don ghá atá le tuilleadh measúnuithe agus idirphlé ar na tograí eile a bhfuil coinne leo arb é is aidhm dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar reachtaíocht sin an Aontais maidir le leas ainmhithe atá as dáta. Mar sin féin, tá an t-athbhreithniú sin á phlé ag feirmeoirí, an lucht tionscail, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus geallsealbhóirí eile le roinnt blianta anuas, ní hamháin trí na gnáthghrúpaí idirphlé shibhialta arna mbunú ag an gCoimisiún, ach freisin trí Ardán an Aontais Eorpaigh maidir le Leas Ainmhithe agus a fhoghrúpaí iomadúla. Sa bhreis air sin, i gcomhthéacs an phróisis maidir le Rialáil Níos Fearr, reáchtáladh dhá chomhairliúchán phoiblí mar ullmhúchán don athbhreithniú, ceann amháin acu ar bailíodh beagnach 60,000 píosa aiseolais lena linn, rud a d'fhág é a bheith i measc chomhairliúcháin sin an Aontais is mó ar glacadh páirt iontu. Tá obair shuntasach déanta ag institiúidí an Aontais freisin, lena n-áirítear a lán tuairimí eolaíocha arna bhfoilsiú ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, atá i bhfách leis an athbhreithniú.

I mí na Nollag 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún togra maidir le leas ainmhithe coimhdeachta, a measadh ar dtús go mbeadh sé mar chuid den 'togra maidir le hainmhithe ar coimeád' lena gcumhdaítear raon feidhme i bhfad níos mó. Cé gur díol sásaimh é an togra maidir le peataí, tá imní fós ann faoi ghlacadh na coda eile den togra tosaigh.

Sa chomhthéacs sin:

An féidir leis an gCoimisiún plean a sholáthar ina bhfuil amlíne shoiléir le haghaidh na tograí reachtacha atá fós gan ghlacadh, a gheall sé a ghlacadh arís agus arís eile i rith an téarma seo, a ghlacadh, go háirithe:

1. togra le haghaidh Rialachán maidir le leas ainmhithe a choimeádtar chun críocha eacnamaíocha,

2. togra le haghaidh Rialachán maidir le hainmhithe a chosaint tráth an mharaithe, agus

3. togra le haghaidh Rialachán maidir le lipéadú leasa ainmhithe?

Curtha síos: 15.12.2023

Spriocdháta i gcomhair freagra: 16.3.2024